# Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

## Dualgais agus Cearta

### Treoir Ghairid



Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director of Corporate Enforcement

# Clár


| | |
|---|---|
| Maidir leis an treoir seo | 2 |
| Cad is comhalta ann? | 2 |
| Cad is scairshealbhóir ann? | 2 |
| An bhfuil na cearta céanna ag gach comhalta? | 2 |
| An féidir le comhaltaí scaireanna a aistriú? | 3 |
| Cad atá de dhualgas ar chomhalta? | 3 |
| Cad iad na cearta atá ag comhaltaí? | 4 |
| Ceart ar fhaisnéis de chuid na cuideachta | 4 |
| Ceart teacht i láthair ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) | 5 |
| Ceart fógra a fháil faoi chruinnithe | 5 |
| Ceart teacht i láthair ag cruinniú ginearálta urghnách (CGU) | 6 |
| Ceart teoranta CGU a ghairm | 6 |
| Ceart vótáil ag CGB agus CGU | 7 |
| Cearta ionadaíochta | 7 |
| Díbhinní | 7 |
| Cearta i gcás mainneachtain | 8 |
| Ceart a iarraidh go ndéanfaí imscrúdú ar an gcuideachta | 8 |
| Cearta i gcás leatroma | 9 |
| Ceart scaireanna nua a cheannach (cearta réamhcheannúcháin) | 9 |
| Ceart an chuideachta a fhoirceannadh | 9 |
| Ceart an chuideachta a chur ar ais ar an gClár | 10 |
| Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam? | 10 |

## Maidir leis an treoir seo

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt dá bhfuil de cheart ag comhaltaí agus scairshealbhóirí agus dá leagtar de dhualgas orthu faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad is comhalta ann?

Is comhalta duine d'úinéirí na cuideachta a ainmnítear ar chlár na gcuideachtaí. Tugann na comhaltaí cumhachtaí áirithe do stiúrthóirí na cuideachta chun an chuideachta a rith thar a gceann.

## Cad is scairshealbhóir ann?

Is scairshealbhóir duine a cheannaíonn agus a choinníonn seilbh ar scaireanna i gcuideachta ag bhfuil scairchaipiteal – airgead a infheistíonn scairshealbhóirí i gcuideachta. Ní comhalta an scairshealbhóir go dtí an tráth a gcuirtear ainm an scairshealbhóra ar chlár na gcomhaltaí.

Tá cuideachtaí áirithe, mar shampla cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CTR) nach mbíonn scairchaipiteal acu agus ní scairshealbhóirí dá bhrí sin comhaltaí na gcuideachtaí sin.

## An bhfuil na cearta céanna ag gach comhalta?

Leagtar na rialacha maidir le cearta comhaltaí agus scairshealbhóirí amach i mbunreacht na cuideachta. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i gceist ó chuideachta go cuideachta maidir leis an gceart vótáil ar cheisteanna tábhachtacha a mbeadh tionchar acu ar an gcuideachta.

- I gcás roinnt cuideachtaí le scairchaipitieal, bíonn vóta amháin ag gabháil le gach scair.

- I gcás cuideachtaí eile, d'fhéadfadh ceart vótála éagsúil a bheith ag gabháil le haicmí (cineálacha) éagsúla scaireanna. Mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeadh ceart vótála ar bith ag gabháil le scaireanna áirithe.
- I gcás cuideachtaí gan scairchaipiteal, bíonn aon vóta amháin ag gach comhalta.

## An féidir le comhaltaí scaireanna a aistriú?

I gcás cuideachtaí príobháideacha, d'fhéadfadh srian a bheith leis an gceart atá ag comhalta scaireanna a aistriú chuig duine eile. Mar shampla, luaitear sa bhunreacht ag mórchuid na gcuideachtaí príobháideacha nach mór don chomhalta atá ag iarraidh scaireanna a aistriú:

- na scaireanna a thairiscint ar dtús do na comhaltaí reatha; agus
- cead a fháil ó stiúrthóirí na cuideachta a fhéadann diúltú na scaireanna a aistriú chuig duine nach n-aontaíonn siadsan leis nó léi.

## Cad atá de dhualgas ar chomhalta?

- Ní mór don chomhalta an t-airgead a íoc a aontaíodh a íoc leis an gcuideachta mar chuid den chomhaltacht.
- Sa chás go mbíonn foirceannadh á dhéanamh ar chuideachta, ní mór do gach comhalta ranníocaíocht a dhéanamh mar seo a leanas maidir le fiacha na cuideachta:
  - íocann comhaltaí i gcuideachta faoi theorainn scaireanna an tsuim atá neamhíoctha go fóill ar na scaireanna atá ina seilbh;
  - ní bhíonn ar chomhaltaí i gcuideachta faoi theorainn ráthaíochta níos mó a íoc ná suim réamhaontaithe, a d'fhéadfadh a bheith chomh híseal le €1; ach

- bíonn ar chomhaltaí i gcuideachta dliteanais neamhtheoranta iomlán fhiacha na cuideachta a íoc.

Ba chóir do chomhaltaí maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na cuideachta agus na stiúrthóirí d'fhonn an leas airgeadais agus eile atá acu sa chuideachta a chaomhnú.

## Cad iad na cearta atá ag comhaltaí?

Leagtar amach cearta na gcomhaltaí in Acht na gCuideachtaí agus i mbunreacht na cuideachta. Tugtar cuntas gairid orthu thíos.

**Ceart ar fhaisnéis de chuid na cuideachta**

Tá de cheart ag comhalta cóip de na doiciméid seo a leanas de chuid na cuideachta a fháil:

- bunreacht na cuideachta;
- na rúin – seo iad na socruithe a dhéantar de réir vótáil na gcomhaltaí, ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) nó ag cruinniú ginearálta urghnách (CGU) go hiondúil;
- miontuairiscí (sonraí faoinar dúradh agus ar aontaíodh ag cruinnithe CGB agus CGU);
- cláir na cuideachta, clár na gcomhaltaí san áireamh;
- ráitis airgeadais na cuideachta, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil an iniúchóra (má tá a leithéid i gceist) san áireamh; agus
- ráitis airgeadais fhochuideachta ar bith (cuideachta eile faoi úinéireacht na cuideachta) le 10 mbliana anuas.

## Ceart teacht i láthair ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB)

Ní mór do chuideachtaí CGB a eagrú taobh istigh de 15 mí den CGB deiridh. Níl de chásanna eisceachta ann ach cuideachtaí príobháideacha teoranta (TEO) agus cuideachtaí comhalta aonair. Tá rialacha speisialta i bhfeidhm maidir le socrú gan CGB a eagrú.

Déanann na comhaltaí agus na stiúrthóirí ag CGB:

- ráitis airgeadais na cuideachta, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil an iniúchóra a phlé;
- ceist cibé a íocfar nó nach n-íocfar díbhinn (íocaíocht leis na comhaltaí as brabús na cuideachta) de réir mar atá molta ag na stiúrthóirí a phlé;
- gnóthaí na cuideachta a bhreithniú;
- stiúrthóirí nua a thoghadh in áit na ndaoine atá ag éirí as oifig; agus
- iniúchóirí a cheapadh nó a athcheapadh agus an táille a íocfar leo a shocrú.

## Ceart fógra a fháil faoi chruinnithe

Tá de cheart ag comhaltaí teacht i láthair agus vótáil ag CGB agus CGU agus fógra i scríbhinn a fháil faoi na cruinnithe sin. Ba chóir, maidir le fógra den sórt sin:

- dáta, tráth agus ionad an chruinnithe a lua;
- an t-ábhar a bheidh á phlé ag an gcruinniú a leagan amach (clár); agus
- doiciméid eile a bhaineann le hábhar, mar shampla ráitis airgeadais, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil na n-iniúchóirí (más ann dá leithéid) a bheith istigh leis.

Ba chóir an fógra a sheoladh:

- ar a laghad 21 lá roimh an CGB;
- ar a laghad 7 lá roimh an CGU i gcás cuideachta príobháidí (TEO) agus cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR); agus
- ar a laghad 14 lá roimh an CGU i gcás cuideachta poiblí teoranta (CPT).

**Ceart teacht i láthair ag cruinniú ginearálta urghnách (CGU)**

Is féidir leis na stiúrthóirí CGU a thionól más dóigh leo gur gá a leithéid, mar shampla chun aontú na gcomhaltaí a fháil le gnó speisialta nó chun bunreacht na cuideachta a leasú.

**Ceart teoranta CGU a ghairm**

Is féidir le comhalta amháin, nó líon is mó ná sin de na comhaltaí, a bhfuil ar a laghad 10% den scairchaipiteal íoctha (an t-airgead atá íoctha ag scairshealbhóirí ar na scaireanna sa chuideachta a tugadh dóibh) ina seilbh, agus 10% de na cearta vótála (an chumhacht vótála atá ag scairshealbhóirí ag CGB agus CGU de chuid na cuideachta), a thabhairt ar stiúrthóirí na cuideachta CGU a ghairm.

Sa chás nach bhfuil scairchaipiteal ag cuideachta, is féidir le comhaltaí a bhfuil ar a laghad 10% de na cearta vótála acu a thabhairt ar na stiúrthóirí CGU a ghairm.

Sa chás go ndiúltaíonn stiúrthóirí CGU a ghairm, is féidir leis na comhaltaí an cruinniú a ghairm iad féin. Is féidir le comhalta freisin a iarraidh ar an gCúirt ordú do na stiúrthóirí cruinniú a ghairm sa chás nach féidir cruinniú a ghairm ar an ngnáthbhealach.

## Ceart vótáil ag CGB agus CGU

Rún a thugtar ar shocrú a dhéanann na comhaltaí ag cruinnithe. Tá dhá chineál ann:

- gnáthrún a úsáidtear i ndáil leis an gcuid is mó de ghnó na cuideachta a shocrú. Tromlach simplí (50% móide a haon) na vótaí a caitheadh ag an gcruinniú a bhíonn de dhíth;
- rún speisialta a úsáidtear i ndáil le cinntí tábhachtacha áirithe. Bíonn tromlach 75% de na vótaí a caitheadh de dhíth ina leith sin.

Vótálann comhaltaí trína lámh a chrochadh san aer chun a chur in iúl go n-aontaítear leis an rún atá á mholadh. Déantar na vótaí a áireamh agus fógraíonn an cathaoirleach cibé ar glacadh nó nár glacadh leis an rún. Is iondúil gur leor sin muna n-iarrtar vóta foirmeálta.

## Cearta ionadaíochta

Is féidir le comhalta ar bith nach bhfuil in ann teacht i láthair ag cruinniú duine (ar a dtugtar 'ionadaí') a cheapadh chun teacht i láthair ag an gcruinniú thar ceann an chomhalta. Tá na cearta céanna ag an ionadaí a bheadh ag an gcomhalta maidir le vótáil agus labhairt ag an gcruinniú.

## Díbhinní

Is é rud díbhinn airgead a íoctar as brabúis na cuideachta is féidir a roinnt ar na comhaltaí. Molann na stiúrthóirí suim na díbhinne agus vótáileann na comhaltaí air sin ag an CGB. Ní gá do chuideachta díbhinn a íoc.

## Cearta i gcás mainneachtain

Deirtear go bhfuil mainneachtain á dhéanamh ag cuideachta nó ag duine d'oifigigh chuideachta (mar shampla stiúrthóir nó rúnaí cuideachta) nach ndéanann de réir Acht na gCuideachtaí. Ina leithéid de chás, is féidir le comhalta a éileamh go gcuirfeadh an chuideachta nó an t-oifigeach an cás mainneachtana ina cheart taobh istigh de 14 lá. Mura ndéanann siad sin, is féidir leis an gcomhalta a iarraidh ar an gCúirt ordú don chuideachta nó don oifigeach an cás mainneachtana a chur ina cheart.

Sa chás nach dtionóltar CGB taobh istigh de 15 mí den CGB deiridh, is féidir le comhalta a iarraidh ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) a ordú do na stiúrthóirí an CGB a reachtáil.

## Ceart a iarraidh go ndéanfaí imscrúdú ar chuideachta

Is féidir le comhaltaí áirithe (agus le daoine áirithe eile, mar shampla stiúrthóir nó creidiúnaí) a iarraidh ar an gcúirt cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar ghnóthaí na cuideachta. Áirítear sa chás seo:

- ar a laghad 10 gcomhalta de chuid na cuideachta; nó
- comhalta nó comhaltaí ag a bhfuil 10% den scairchaipiteal íoctha sa chuideachta.

Ní mór dóibh a chur in iúl don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i scríbhinn chomh maith go bhfuil iarratas déanta cigire a cheapadh.

Sa chás go gceapann an chúirt cigire, is ón gcúirt a ghlacfaidh cigirí orduithe agus is don chúirt a thabharfaidh siad tuairisc. Is féidir leis an gcúirt a iarraidh ar na comhaltaí costas an imscrúdúcháin a íoc.

## Cearta i gcás leatroma

Tarlaíonn leatrom nuair a ritheann na stiúrthóirí cuideachta chun aimhleas chomhaltaí áirithe, nó nuair a ritear í ar bhealach calaoiseach nó mídhleathach. Mar shampla, má choinníonn cuideachta comhaltaí áirithe amach ó chruinnithe ginearálta nó má dhiúltaítear teacht a bheith acu ar ráitis airgeadais, bheadh sin ina leatrom.

Is féidir le comhalta a iarraidh ar an gcúirt an cás a chur ina cheart. Is í an chúirt a shocraíonn an chaoi ina ndéantar sin.

## Ceart scaireanna nua a cheannach (cearta réamhcheannúcháin)

Is le cuideachtaí príobháideacha amháin a bhaineann seo. Nuair a bhíonn scaireanna nua á n-eisiúint, tá de cheart faoin dlí ag na scairshealbhóirí iad a cheannach ar dtús i gcomhréir leis na scaireanna atá ina seilbh cheana féin. Is féidir le cuideachta, áfach, an ceart seo a chur de leataobh trí rún speisialta a rith ag cruinniú ginearálta.

## Ceart an chuideachta a fhoirceannadh

Is féidir le comhaltaí socrú deireadh a chur le cuideachta trí:

- vóta 75% díobh siúd a thagann i láthair ag CGU a tionóladh go speisialta; nó
- vóta 50% móide a haon sa chás nach bhfuil an chuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc.

Ní mór leachtaitheoir a cheapadh ag an CGU.

Tar éis costas an leachtaitheora agus an t-airgead atá dlite do na creidiúnaithe a íoc, roinntear aon airgead atá fágtha i measc na gcomhaltaí i gcomhréir leis an líon scaireanna atá ina seilbh, ag brath ar na cearta a ghabhann leis na scaireanna sin.

Is féidir le comhalta freisin a iarraidh ar an gCúirt cuideachta a fhoirceannadh:

- murar féidir leis an gcuideachta feasta a cuid aidhmeanna a thabhairt i gcrích;
- mura bhfuil comhaltaí áirithe toilteanach feasta fanacht i mbun gnó le comhaltaí eile;
- má tá cuspóirí mídhleathacha ag an gcuideachta; nó
- má tá duine ag baint úsáide as an gcuideachta chun calaois a dhéanamh.

### Ceart an chuideachta a chur ar ais ar an gClár

Ón uair a bhaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, ní hann don chuideachta sin feasta faoin dlí. Is féidir le comhalta a iarraidh ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) taobh istigh de 12 mí, an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. Déanfaidh an CRO amhlaidh má chuireann an chuideachta isteach na doiciméidí atá in easnamh agus má íoctar na táillí ar fad atá dlite.

Más faide an tréimhse ná 12 mí, ní mór do chomhalta a iarraidh ar an gcúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gclár.

Tá suas le sé bliana ag Cuideachta Bainistíochta Maoine le hiarratas a chur ag an CRO maidir leis an gcuideachta a chur ar ais ar an gClár.

## Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?

Is féidir eolas níos mine faoi chomhaltaí agus faoi scairshealbhóirí a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, *www.osfc.ie*.

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi chomhaltaí agus faoi scairshealbhóirí agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.

**Séanadh**

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar chomhaltaí agus ar scairshealbhóirí faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas nó easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*


Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

01 858 5801

info@odce.ie

www.osfc.ie


*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil*
*An English version of this booklet is available*